

Ráiteas

Socruithe maoirseachta a áirithiú don bhaincéireacht atá iomlán in-iniúchta, cuntasach agus éifeachtach tar éis don Sásra Maoirseachta Aonair teacht isteach

Dar linne, an Coiste Teagmhála de Cheannasaithe Uasfhorais Iniúcháireachta (UFlanna) Bhallstáit an Aontais agus Chúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE),

ag aithint dúinn gur athraíodh struchtúr mhaoriseacht baincéireachta an Aontais le bunú an tSásra Maoirseachta Aonair (SMA) i mí na Samhna 2014 nuair a cuireadh an fhreagracht maidir le maoirsiú banc sa limistéar euro ar an mBanc Ceannais Eorpach (BCE);

ag tabhairt dár n-aire go n-áirítear leis sin beagnach 130 banc 'suntasach' a thagann faoi mhaoriseacht dhíreach BCE agus lena mbaineann luach iomlán sócmhainne de €22 trilliún;

ag meabhrú dúinn an ráiteas ón gCoiste Teagmhála an 8 Bealtaine 2013 ar a *thábhachtaí atá na socruithe cuí iniúcháireachta agus cuntasachta don Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadais agus do rialachas eacnamaíoch an Aontais* chomh maith leis an ráiteas uaidh i mí Dheireadh Fómhair 2011 ar *thionchar an tSeimeastair Eorpaigh agus ar thionchar imeachtaí eile le déanaí maidir le rialachas eacnamaíoch an Aontais ar Uasfhorais Iniúcháireachta Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus Chúirt Iniúcháirí na hEorpa*;

ag leagan béime dúinn ar bhunphrionsabail na ráiteas sin maidir le trédhearcacht leordhóthanach, cuntasacht iomchuí agus iniúchadh poiblí leormhaith a áirithiú nuair a bhíonn cistí poiblí i gceist;

ag aithint dúinn gur deacra anois cloí leis na prionsabail sin ó tugadh isteach SMA, agus gur follasaí anois freisin na laigí a bhí ann cheana, go háirithe:

- nach bhfuil ach sainordú páirteach nó nach bhfuil sainordú ar bith ag líon suntasach UFlanna chun iniúchadh a dhéanamh ar a maoirseoirí náisiúnta agus ar a gcuid gníomhaíochtaí (maoriseachta), go háirithe nuair is iad na bainc cheannais a dhéanann sin;
- gur chaill roinnt UFlanna an sainordú a bhí acu chun iniúchadh a dhéanamh ar mhaoriseacht na mbanc suntasach ina mBallstáit faoi seach nuair a cuireadh freagracht sin na maoirseachta ar an mBanc Ceannais Eorpach tráth ar tugadh isteach SMA; agus
- nach dtugann roinnt maoirseoirí náisiúnta cuntas ná tuairisc d'aon údarás náisiúnta i ndáil lena gcuid gníomhaíochtaí maoirseachta;

ag tabhairt dár n-aire go bhfuil instiúidí airgeadais ar leith a liostaítear sa Treoir CRD IV¹ eisiata ó mhaoriseacht BCE, agus ó dhlínse na maoirseoirí náisiúnta;

¹

Airteagal 2(5) de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht instiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar instiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta.

ag tabhairt dár n-aire gur gnáthnós imeachta i dtíortha amhail SAM, Ceanada, an Astráil, an Danmhairg, an tSualainn, an Fhrainc agus an Ghearmáin é iniúchadh poiblí a dhéanamh ar mhaoirseoirí banc agus ar a gcuid gníomhaíochtaí (lena n-áirítear rochtain iomlán a thabhairt don iniúchóir ar an bhfaisnéis ábhartha uile), fiú nuair is faoi fhreagracht na mbanc ceannais atá an mhaoirseacht sin;

ag aithint dúinn go bhfuil na chéad iniúchtaí ar ghníomhaíochtaí maoirseachta BCE á n-ullmhú ag CIE, ach ag tabhairt dár n-aire nach measann BCE go gcuimsítear beartais ná cinntí a bhaineann lena cúraimí maoirseachta faoi shainordú CIE maidir le héifeachtúlacht oibríochtúil bhainistíocht BCE a iniúchadh;

ag cur i dtreis dúinn go gceapann roinnt UFlanna go bhfuil géarghá leis na bearnaí iniúcháireachta a líonadh, ar bearnaí iad a tháinig chun cinn ar an leibhéal náisiúnta ó tharla nár cútíodh na sainorduithe iniúcháireachta a bhí ag UFlanna náisiúnta roimhe seo maidir le maoirseacht baincéireachta nuair a tugadh sainordú do CIE ar leibhéal BCE;

gur fíor an méid a leanas:

Go bhfuil bearna iniúcháireachta tagtha chun cinn i dtíortha sin an limistéir euro nach bhfuil leibhéal comhchosúil iniúcháireachta ag CIE ar ghníomhaíochtaí maoirseachta BCE á chur in áit na sainorduithe iniúcháireachta sin a bhí ag UFlanna ar mhaoirseoirí baincéireachta náisiúnta. Gur gá a shoiléiriú cad iad na hiarmhairtí, má bhíonn in aon chor, a bheidh ann do shainordú iniúcháireachta UFlanna má thagann tír nach as an limistéar euro di isteach in SMA. Ina theannta sin, go bhfuil bearna iniúcháireachta fós ann i roinnt tíortha ina bhfuil sainorduithe iniúcháireachta UFlanna ar mhaoirseoirí baincéireachta náisiúnta teoranta nó i dtíortha nach ann dóibh ar chor ar bith.

Nach féidir maoirseacht baincéireachta atá iomlán in-iniúchta agus cuntasach a bhaint amach san Aontas Eorpach ach amháin trí dhlúthchomhar idir UFlanna náisiúnta agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa d'fhonn an bearna iniúcháireachta sin a líonadh, agus idir an dá linn d'fhonn na rioscaí a eascraíonn as an mbearna sin a laghdú;

Molaimid go dtarraingeofaí aird ar an gceist faoi shocruithe a áirithiú don mhaoirseacht baincéireachta a bheadh iomlán in-iniúchta, cuntasach agus éifeachtach tríd an méid a leanas a dhéanamh:

i gcás UFlanna ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach:

- **a mholadh do UFlanna na mBallstát a rialtais agus a bparlaimintí féin a chur ar an eolas faoi na ceisteanna seo;**
- **a iarraidh ar UFlanna na mBallstát páirt a ghlacadh san iniúchadh comhoibríoch atá beartaithe** ar mhaoirseacht na mbanc neamh-shuntasach aonair i dtíortha áirithe san Aontas a gcuirfear tús leis sa bhliain 2015 agus a gcuirfear na torthaí a eascraíonn as in iúl don Choiste Teagmhála;

i gcás instiúidí an Aontais Eorpaigh agus údaráis náisiúnta:

- **Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh, an Chomhairle Eorpach agus an Coimisiún Eorpach a spreagadh chun féachaint le sainordú CIE a neartú** maidir leis an iniúchadh ar shásra maoirseachta aonair BCE, lena n-áirítear soiléiriú a dhéanamh ar

raon feidhme Airteagal 20(7) de rialachán SMA agus/nó Airteagal 20(7) de rialachán SMA agus Airteagal 27(2) de CEBC agus de Reacht BCE a athrú, más gá;

- **a mholadh do rialtais agus do parlaimintí náisiúnta féachaint le síneadh a chur leis na sainorduithe iniúcháireachta atá ag UFlanna náisiúnta** i gcomhréir leis na deiseanna a thugtar do UFlanna in Airteagal 59(2) de Threoir IV (CRD IV) um Cheanglais Chaipitil, d'fhonn a áirithiú go gcuimsítear leis freisin iniúchadh ar bhainc cheannais agus ar údaráis mhaoirseachta airgeadais;
- **an Coimisiún Eorpach a spreagadh** chun dul i ngleic leis na ceisteanna sin sa chéad mheastóireacht ar SMA, a ndéanfar na torthaí uaithe a fhoilsiú faoi dheireadh 2015;

Béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé na gníomhaíochtaí thuas a dhéanamh go práinneach agus ar bhealach comhordaithe mar fhreagairt iomchuí ar an ngéarchéim leanúnach eacnamaíochta agus béim a leagan ar an deis atá ann socruithe maoirseachta a bhunú don bhaincéireacht a bheidh iomlán in-iniúchta, cuntasach agus éifeachtach. Ba cheart gníomhaíochtaí na n-institiúidí airgeadais amhail árachas agus infheistíocht a chumhdach leis sin freisin.

Seolfaidh Cathaoirleach an Choiste Teagmhála an ráiteas seo chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gCoimisiún Eorpach, chuig an nGrúpa Euro agus chuig parlaimintí agus rialtais náisiúnta na mBallstát.